

Scéalaíocht: Comórtas 51, Treoirlínte

Treoirlínte do chomórtas scéalaíochta

Cuspóir:

Suim a mhúscailt i sean ealaín na scéalaíochta sa Ghaeilge agus caighdeán maith a chothú maidir le teanga, cur i láthair agus roghnú scéil.

Scéalta a roghnú:

Tá réimse leathan i dtraidisiún na scéalaíochta sa Ghaeilge agus ba cheart scéalta a roghnú de réir aois na n-iomaitheoirí. Tá scéalta beaga grinn ann mar a bhíodh le fáil ins na leabhair scoile, scéalta Aesop, scéalta i dtaobh taibhsí agus púcaí, scéalta i dtaobh carachtair áitiúla agus a lán eile a bheadh oiriúnach don aos óg.

Is féidir dul ar aghaidh as san go dtí scéalta ón stair, scéalta faoi laochra agus gaiscígh agus suas go dtí na sean scéalta Fiannaíochta ina bhfuil saibhreas iontach Gaeilge agus caint fhileata. Pé saghas scéil a bheadh i gceist, ón scéilín is simplí go dtí an scéal Fiannaíochta is casta, ba cheart dúinn a bheith ag súil le cruinneas gramadaí agus foghraíochta agus ba cheart go dtabharfaí aird ar seo sa chóras moltóireachta.

Moltóireacht:

- Cur i láthair agus dáiríreacht an scéalaí20%
- Soiléire urlabhra agus cruinneas foghraíochta20%
- Cruinneas gramadaí/saibhreas teanga20%
- Éifeacht iomlán an scéil40%

Fad an scéil don chomórtas: Le aghaidh ar sceidealú comórtais tuigtear do nglacfar le fad ama idir 3 agus 6 nóiméad chun an scéal a insint.